# DÁIL ÉIREANN

*Déardaoin*, 3 *Deireadh Fómhair*, 2019
*Thursday*, 3*rd October*, 2019

---

RIAR NA hOIBRE
ORDER PAPER

*Déardaoin*, 3 *Deireadh Fómhair*, 2019
*Thursday*, 3*rd October*, 2019

10.30 a.m.

---

## ORD GNÓ
## ORDER OF BUSINESS

**14*b*.** Tairiscint *maidir le* Comhaltaí den Údarás Rialála Seirbhísí Dlí a cheapadh [*Arna breithniú ag Comhchoiste um Dhlí agus Ceart agus Comhionannas an 2 Deireadh Fómhair, 2019*].
Motion *re* Re-appointment of Members of the Legal Services Regulatory Authority [*Considered by the Joint Committee on Justice and Equality on 2nd October, 2019*].

**40*a*.** Ráitis maidir le saoráid Gáis Nádúrtha Leachtaithe a fhorbairt in Éirinn.
Statements on the development of an LNG facility in Ireland.

**9.** An Bille Craolacháin (Leasú), 2019 — An Dara Céim (*atógáil*).
Broadcasting (Amendment) Bill 2019 — Second Stage (*resumed*).

**8.** An Bille Fórsaí Cosanta (Fianaise), 2019 — An Dara Céim (*atógáil*).
Defence Forces (Evidence) Bill 2019 — Second Stage (*resumed*).

## GNÓ COMHALTAÍ PRÍOBHÁIDEACHA
## PRIVATE MEMBERS' BUSINESS

**63.** An Bille Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) (Leasú), 2019 — An Dara Céim.
Merchant Shipping (Investigation of Marine Casualties) (Amendment) Bill 2019 — Second Stage.

P.T.O.

## I dTOSACH GNÓ PHOIBLÍ
## AT THE COMMENCEMENT OF PUBLIC BUSINESS

*Fógraí Tairisceana: Notices of Motions*

**14*b*.** "Go gceadaíonn Dáil Éireann, á thabhairt dá haire gur chomhaontaigh an Rialtas an 1 Deireadh Fómhair 2019 moladh a dhéanamh, a bheidh le ceadú ag Dáil Éireann, go n-athcheapfar na daoine lena mbaineann le bheith ina gcomhaltaí den Údarás Rialála Seirbhísí Dlí, agus de bhun ailt 9 agus 10 den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015, an Rialtas d'athcheapadh, le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2019, na ndaoine seo a leanas le bheith ina gcomhaltaí den Údarás Rialála Seirbhísí Dlí, a bheidh i seilbh oifige go ceann tréimhse bhreise nach faide ná trí bliana ó dháta a cheaptha nó a ceaptha de réir an Achta sin: Sara Moorhead, Geraldine Clarke, Stephen Fitzpatrick, Dermott Jewell agus Deirdre McHugh.

That Dáil Éireann, noting that the Government agreed on 1st October, 2019, to propose, for the approval of Dáil Éireann, the re-appointment of the persons concerned to be members of the Legal Services Regulatory Authority, and pursuant to sections 9 and 10 of the Legal Services Regulation Act 2015, approves the re-appointment, with effect from 1st October, 2019, by the Government of the following persons to be members of the Legal Services Regulatory Authority, who shall hold office for a further period not exceeding three years from the date of his or her appointment in accordance with that Act: Sara Moorhead, Geraldine Clarke, Stephen Fitzpatrick, Dermott Jewell and Deirdre McHugh."

*—An tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais.*

---

## ORDUITHE AN LAE
## ORDERS OF THE DAY

**8.** An Bille Fórsaí Cosanta (Fianaise), 2019 — An Dara Céim (*atógáil*).
Defence Forces (Evidence) Bill 2019 — Second Stage (*resumed*).

---

**9.** An Bille Craolacháin (Leasú), 2019 — An Dara Céim (*atógáil*).
Broadcasting (Amendment) Bill 2019 — Second Stage (*resumed*).

---

**40*a*.** Ráitis maidir le saoráid Gáis Nádúrtha Leachtaithe a fhorbairt in Éirinn.
Statements on the development of an LNG facility in Ireland.

---

## GNÓ COMHALTAÍ PRÍOBHÁIDEACHA
## PRIVATE MEMBERS' BUSINESS

*Gnó a ordaíodh*:
*Business ordered*:

**63.** An Bille Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) (Leasú), 2019 — An Dara Céim.
Merchant Shipping (Investigation of Marine Casualties) (Amendment) Bill 2019 — Second Stage.

*—Mattie McGrath.*

## SCRÍBHINNÍ A LEAGADH FAOI BHRÁID NA dTITHE
## DOCUMENTS LAID BEFORE THE HOUSES[1]

| | |
|---|---|
| ***Reachtúil*** | ***Statutory*** |
| *Tairiscint Ceadaithe ag Teastáil* | *Requiring Motion of Approval* |
| Níl aon scríbhinn á leagan faoin gCatagóir seo | None |
| *In-neamhnithe le Tairiscint* | *Open to Motion to Annul* |
| Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na Libia) (Uimh. 2), 2019 (I.R. Uimh. 490 de 2019). | European Union (Restrictive Measures concerning Libya) Regulations (No. 2) 2019 (S.I. No. 490 of 2019). |
| Na Rialacháin fán Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta), 2005 (Alt 42) (Bearta Sriantacha i leith Daoine agus Eintitis Áirithe a Bhaineann leis na hEagraíochtaí ISIL (Da'esh) agus Al-Qaida) (Uimh. 4), 2019 (I.R. Uimh. 491 de 2019). | Criminal Justice (Terrorist Offences) Act 2005 (Section 42) (Restrictive Measures concerning Certain Persons and Entities Associated with the ISIL (Da'esh) and Al-Qaida Organisations) (No. 4) Regulations 2019 (S.I. No. 491 of 2019). |
| Na Rialacháin fán Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta), 2005 (Alt 42) (Bearta Sriantacha i leith Daoine agus Eintitis Áirithe d'fhonn Sceimhlitheoireacht a Chomhrac) (Uimh. 2), 2019 (I.R. Uimh. 492 de 2019). | Criminal Justice (Terrorist Offences) Act 2005 (Section 42) (Restrictive Measures concerning Certain Persons and Entities with a view to Combating Terrorism) Regulations (No. 2) 2019 (S.I. No. 492 of 2019). |
| Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na hÚcráine) (Uimh. 3), 2019 (I.R. Uimh. 493 de 2019). | European Union (Restrictive Measures concerning Ukraine) Regulations (No. 3) 2019 (S.I. No. 493 of 2019). |
| *Eile* | *Other* |
| An Chomhairle Ealaíon. An Tuarascáil Bhliantúil agus na Ráitis Airgeadais lena n-áirítear an Tuarascáil ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2018. | The Arts Council. Annual Report and Financial Statements incorporating the Report of the Comptroller and Auditor General for the year ending 31 December, 2018. |
| Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. An Tuarascáil Bhliantúil agus na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite don bhliain dar chríoch an 30 Meán Fómhair 2018. | Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Annual Report and Consolidated Financial Statements for year ended 30 September, 2018. |

[1] I gcás nach leagtar scríbhinn ach faoi bhráid aon Teach amháin, cuirfear (D) – Dáil nó (S) – Seanad ina diaidh dá réir sin.
Where a document is laid before one House only it will be appended with (D) – Dáil or (S) – Seanad accordingly.

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2403 maidir le húdaruithe iascaireachta le haghaidh shoithí an Aontais in uiscí na Ríochta Aontaithe agus maidir le hoibríochtaí iascaireachta shoithí iascaireachta na Ríochta Aontaithe in uiscí an Aontais mar aon le nóta faisnéise míniúcháin. COM (2019) 398.

Proposal for a Regulation of the European Parliament and of the Council amending Regulation (EU) 2017/2403 as regards fishing authorisations for Union vessels in United Kingdom waters and fishing operations of United Kingdom fishing vessels in Union waters together with explanatory information note. COM (2019) 398.

Na Rialacháin um na hAchtanna Aturnaetha, 1954 go 2015 (Coiste um Ghearáin agus Caidreamh le Cliaint, Alt 8 agus 9), 2019 (I.R. Uimh. 488 de 2019).

Solicitors Acts 1954 to 2015 (Complaints and Client Relations Committee, Section 8 and 9) Regulations 2019 (S.I. No. 488 of 2019).

Tuarascáil ó Bhord Eadrána na Státseirbhíse i leith díospóid idir Cumann na nOifigeach Tréidliachta agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara i dtaca leis an bpá tosaithe atá á fháil ag ocht bpearsa aonair ainmnithe.

Report of the Civil Service Arbitration Board in respect of a dispute between the Veterinary Officers' Association (VOA) and the Department of Agriculture, Food and the Marine (DAFM) over the starting pay of eight named individuals.

Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh a bheidh le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh de Choiste Riaracháin an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta ar Rialú Earraí ag Teorainneacha a Chomhchuibhiú mar aon le nóta faisnéise míniúcháin. COM (2019) 423.

Proposal for a Council Decision on the position to be taken on behalf of the European Union within the Administrative Committee for the International Convention on the Harmonization of Frontier Controls of Goods together with explanatory information note. COM (2019) 423.

***Neamhreachtúil***

***Non-Statutory***

Níl aon scríbhinn á leagan faoin gCatagóir seo

None